**Plean Gníomhaíochta Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh)**

***LENA CHUR AR AIS TRÁTH NACH DÉANAÍ NÁ Dé Máirt an 18 Deireadh Fómhair 2011***

**Roinn/Oifig/Gníomhaireacht: OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

# TUARASCÁIL FAOI DHUL CHUN CINN MAIDIR LEIS AN bPLEAN GHÍOMHAÍOCHTA – Deireadh Fómhair 2011

## 1. Achoimre ar an bPríomh-Dhul Chun Cinn a Baineadh Amach sa Tréimhse Sé Mhí ó Aibreán 2011 go Meán Fómhair 2011

- Cinnteoireacht a chineachadh ón Rannán Stiúrtha chuig an Rannóg Cúirte Dúiche ag leanúint ar aghaidh agus déileáladh le 33 chomhad sa tréimhse atá á athbhreithniú.
- Cinnteoireacht a chineachadh ón Rannán Stiúrtha chuig an Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ag leanúint ar aghaidh agus déileáladh le 61 athbhreithniú breithiúnach sa tréimhse atá á athbhreithniú.
- Tús curtha le cinnteoireacht a chineachadh ón Rannán Stiúrtha chuig an Aonad Urghabhála Sócmhainní agus déileáladh le 11 iarratas Alt 39 sa tréimhse atá á athbhreithniú.
- Laghdú tuairim is €1,488,400 ar chostais dlí arna n-íoc i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain 2010.
- Críochnaíodh an tástáil ar na hidirbhearta go léir don tréimhse ó Bhealtaine go Iúil i ndáil le híoc uathoibríoch tháillí na Príomh-Chúirte Coiriúla.
- Tar éis táillí Bhannaí na hArd-Chúirte a chur ar bhonn uathoibríoch i bhFómhar na bliana 2010, déantar 99% de na táillí atá dlite a íoc anois laistigh de 60 lá ón éisteacht bhunaidh.
- XX

**Téacs glas = gníomhartha a baineadh amach, atá ar siúl agus atá in am faoi láthair lena soláthar de réir an Phlean Gníomhaíochta**
**Téacs oráiste = gníomhartha atá ar siúl go substainteach ach nach bhfuil an spriocdháta sonrach ina leith comhlíonta**
**Téacs dearg = gníomhartha ar ina leith nach bhfuil aon dul chun cinn inbhraite ann**

**Plean Gníomhaíochta Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh)**

# 2. Uasdátú Mionsonraithe ar Dhul Chun Cinn do na 6 mhí ó Aibreán go Meán Fómhair 2011

**1. Bainistiú níos fearr a dhéanamh ar acmhainní daonna:** *I measc na ngníomhartha faoin gceannteideal seo áirítear laghduithe ar an líon foirne, athlonnú, athchumraíocht maidir le soláthar seirbhísí, athbhreithniú ar shocruithe tinrimh, bainistiú níos fearr a dhéanamh ar thinreamh agus ar asláithreacht, etc.*

| Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 | Gníomh | Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha | An Staid Reatha |
|---|---|---|---|
| | Laghdú iomlán ar Líon na bhfostaithe | Bainte amach go dtí deireadh Mheán Fómhair 2011. | Líon amhail ag deireadh R2 2011 = 197.80 CLA<br>Costais phárolla do R2 2011 = €3,067,808 (12 phrárolla sheachtainiúla + 6 phárolla choicísiúla)<br><br>Líon amhail ag deireadh Q3 2011 = 196.60 CLA<br>Costais phárolla do Q3 2011 = €3,586,017 (14 phrárolla sheachtainiúla + 7 bpárolla choicísiúla) |

**2. Próisis Ghnó Níos Fearr:** *Is é a bheadh san áireamh faoin gceannteideal seo ná bearta éifeachtúlachta agus feabhsúcháin ar na próisis ar tríothu a sholáthraíonn do Roinn/Chomhlacht a sheirbhísí/seirbhísí don phobal lena n-áirítear athruithe ar an teicneolaíocht a úsáidtear, bainistiú sonraí níos fearr, lena n-áirítear nithe a bhaineann le céannacht agus mar sin de.*

| Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 | Gníomh | Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha | An Staid Reatha |
|---|---|---|---|
| **Próisis oibre a athstruchtúrú agus a athdhearadh** | Cinnteoireacht ionchúisitheach i gcatagóirí sonracha ciona a chineachadh ón Rannán Stiúrtha chuig an Rannóg Cúirte Dúiche | Tabhairt isteach le tosú ag deireadh Nollaig 2010 agus athbhreithnithe ráithiúla le déanamh | Faoin scéim cineachta agus sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, dhéileáil an Rannóg Cúirte Dúiche le 33 chomhad ó na Gardaí i gCeantar Cathrach Bhaile Átha Cliath sa chatagóir shonrach ciona.<br><br>Is é a lean as an athstruchtúrú sin ar na próisis oibre ná deireadh a chur le dúblú saothair sa dá Rannán dhlíthiúla den Oifig i ndáil leis na cásanna sin. Bhí sábháil ama ann dá bharr freisin don fhoireann sa Rannán Stiúrtha, rud a raibh gá leis chun déileáil leis an líon méadaithe comhad a ndéileáiltear leo sa Rannán sin, le castacht mhéadaithe na gcásanna, le cur chun feidhme beartas nua agus réimsí nua freagrachta, agus le tionchar reachtaíochta nua ar obair an Rannáin |
| 1.10 -<br>**Próisis oibre a athstruchtúrú agus a athdhearadh** | Cinnteoireacht maidir le bainistiú comhad athbhreithnithe bhreithiúnaigh a chineachadh | Tabhairt isteach le tosú ag deireadh Nollaig 2010 agus athbhreithnithe ráithiúla le déanamh | Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, tugadh treoir maidir le **61** athbhreithniú breithiúnach sa Rannán Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh gan iad a tharchur chuig an Rannán Stiúrtha.<br><br>Is é an lean as an athstruchtúrú sin ar an obair ná deireadh a chur le dúblú saothair sa i Rannán na nAturnaetha agus sa Rannán Stiúrtha i ndáil leis na cásanna sin; táirgeacht mhéadaithe sa rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh sa mhéid go ndéileáiltear le comhaid athbhreithnithe bhreithiúnaigh laistigh de thréimhse ama níos giorra; sábháil ama cúirte trí laghdú a dhéanamh ar líon na ndátaí cúirte; agus laghdú ar chostais (féach an roinn ar leithligh thíos ina ndéantar cainníochtú ar na sábhálacha ar chostais). |
| 1.10 -<br>**Próisis oibre a athstruchtúrú agus a athdhearadh** | Cinnteoireacht maidir le bainistiú cásanna urghabhála sócmhainní a chineachadh | Tabhairt isteach tosaithe ag deireadh Mheán Fómhair 2010 agus athbhreithnithe | Tar éis don Stiúrthóir an fheidhm tharmligthe a shíniú agus tar éis athchumraíocht a dhéanamh ar ár gCóras Bainistithe Cásanna mar thacaíocht leis sin, tháinig cineachadh cinnteoireacht chuig an Aonad Urghabhála Sócmhainní i bhfeidhm ar an 1 Lúnasa 2011. |

| Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 | Gníomh | Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha | An Staid Reatha |
|---|---|---|---|
| | | ráithiúla le déanamh | Baineann an cineachadh le hiarratais ón Stiúrthóir chuig an gCúirt Chuarda faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 chun coigistiú a dhéanamh ar airgead tirim ar fáltais ó choireacht é. Roimh an gcineachadh, ba é an fhoireann dlí i Rannán Stiúrtha na hOifige a rinne cinntí ionchúisitheacha sna cásanna sin. Ón 1 Lúnasa 2011 i leith, tá gach cinneadh den sórt sin á dhéanamh ag an bhfoireann san Aonad Urghabhála Sócmhainní i Rannán Aturnaetha na hOifige a dhéanann idirchaidreamh leis an nGarda Síochána, le hAturnaetha Stáit agus le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Sa tréimhse sin, dhéileáil an tAonad Urghabhála Sócmhainní le **11** iarratas.<br><br>De bharr an athstruchtúraithe sin ar an bpróiseas oibre, tá deireadh curtha le dúblú saothair sa dá Rannán Dlí de chuid na hOifige agus bhí sábháil ama ann i gcás na foirne sa Rannán Stiúrtha. Is é a lean as freisin ná bunú pointe amháin teagmhála i gcomhair gach iarratas Alt 39, lárnú seirbhísí do gheallsealbhóirí, agus cruthú deise don fhoireann san Aonad chun speisialtóireacht a fhorbairt sa réimse áirithe seo den obair. |
| 1.11 – Déanfar acmhainní a chomhroinnt tuilleadh trí úsáid a bhaint as seirbhísí comhroinnte laistigh d'earnálacha agus thar earnálacha<br><br>Déanfar próisis ghnó agus soláthar seirbhísí a fheabhsú trí dheireadh a chur le hiontráil sonraí trí athúsáid a bhaint as faisnéis atá ann cheana féin. Measfar gur gnáthrud é | Ardán daingean a thógáil le haghaidh seirbhíse comhroinnte laistigh den earnáil Leabharlainne Rialtais i bhfoirm Catalóige Aontais. | Liostú Catalóige comhaontaithe ag na Leabharlanna Rialtais rannpháirteacha i Nollaig 2010<br><br>Seoladh an tionscadail i R1 2011 agus tabhairt isteach incriminteach le bheith ann chuig gach leabharlann rannpháirteach faoi | Catalóg comhaontaithe ag 10 Leabharlann Rialtais rannpháirteacha i Nollaig 2010 de réir mar a bhí beartaithe.<br><br>Rinneadh dáta seolta Chatalóg Aontais na Leabharlann Rialtais a chur siar go dtí an 9 Samhain 2011. Tar éis í a sheoladh beidh tréimhse eile athbhreithnithe ann go dtí deireadh mhí na Nollag de réir mar a bheidh conarthaí nua á gcaibidil ag na leabharlanna rannpháirteacha le soláthraithe irise. Déanfar leagan críochnaitheach a scaoileadh ag deireadh mhí Eanáir 2012. |

| Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 | Gníomh | Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha | An Staid Reatha |
|---|---|---|---|
| teicneolaíocht nua a thabhairt isteach.<br>4.15 - There will be a greater sharing of resources through the use of shared | | R4 2011 | |
| Próisis oibre a athstruchtúrú agus a athdhearadh | Beartas docht Socraithe Costas a chur chun feidhme | Leanúnach | Sa tréimhse ó 1 Aibreán 2011 go 30 Meán Fómhair 2011, d'íoc Oifig an SIP €1,330,571 mar chostais i leith 98 gcás. Sa tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin, d'íoc an Oifig €2,829,002 i leith 112 chás. Tharla an laghdú sin ar chostais a íocadh go háirithe mar gheall ar chur chun feidhme Beartais Dhocht Socraithe Costas ag an Oifig seo (cé nárbh é sin amháin ba chúis leis). Is é atá i gceist leis an mbeartas sin ná go ndéanann an Oifig seo caibidlíocht leis an gcosaint chun socrú a dhéanamh i gcomhair méid i bhfad níos ísle ar an mbonn nach gcuirfimid i gcoinne iarratais ar athbhreithniú bhreithiúnaigh i gcásanna cuí agus go n-íocfaimid méid áirithe i gcomhair chostais na cosanta. Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, is é a leanas sin ná méadú **68%** ar an líon cásanna a socraíodh i gcomhair méid is lú ná €10,000. De bhreis ar laghdú a dhéanamh ar na méideanna a íocadh mar chostais, lean sábhálacha ama cúirte as an mbeartas seo trí laghdú a dhéanamh ar an líon dátaí cúirte agus éisteachtaí. |

**3. Seirbhísí a Sholáthar do Shaoránaigh:** *Is é a bheadh san áireamh faoin gceannteideal seo ná bearta éifeachtúlachta agus feabhsúcháin ar na próisis ar tríothu a sholáthraíonn do Roinn/Chomhlacht a sheirbhísí/seirbhísí don phobal lena n-áirítear athruithe ar an teicneolaíocht a úsáidtear, bainistiú sonraí níos fearr, lena n-áirítear nithe a bhaineann le céannacht agus mar sin de.*

| Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 | Gníomh | Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha | An Staid Reatha |
|---|---|---|---|
| 1.10 – Teicneolaíocht nua a thabhairt isteach agus soláthar seirbhísí ar-líne<br><br>**Déanfar próisis ghnó agus soláthar seirbhísí a fheabhsú trí dheireadh a chur le hiontráil sonraí trí athúsáid a bhaint as faisnéis atá ann cheana féin. Measfar gur gnáthrud é teicneolaíocht nua a thabhairt isteach.** | Rinneadh íoc uathoibríoch táillí Bannaí Ard-Chúirte a thabhairt isteach go hiomlán i bhFómhar na bliana 2010 | **Cuireadh tús le cur chun feidhme i ndáil le táillí Bannaí Ard-Chúirte i Meán Fómhair 2010** | **Rinneadh uathoibriú táillí Bannaí Ard-Chúirte a thabhairt isteach go hiomlán i bhFómhar na bliana 2010** |
| | Rinneadh íoc uathoibríoch táillí Cúirte Cuarda a thabhairt isteach go hiomlán i bhFeabhra 2011 | **Déanfar cur chun feidhme i ndáil le táillí ionchúisimh Cúirte Cuarda a thosú i R1 2011** | **Rinneadh uathoibriú táillí Cúirte Cuarda a thabhairt isteach go hiomlán i bhFeabhra 2011.** |
| | Tá cur chun feidhme i ndáil le táillí Príomh-Chúirte Coiriúla le tosú i R2 2011 de réir an spriocdháta | **Déanfar cur chun feidhme i ndáil le táillí Príomh-Chúirte Coiriúla a thosú i R2** | Cuireadh tús le hobair tástála sreafaí oibre na Príomh-Chúirte Coiriúla le linn R2 2011. I R3 leasaíodh na sreafaí oibre chun déileáil le saincheisteanna a nochtadh mar thoradh ar an tástáil tosaigh agus rinneadh tástáil iomlán a chríochnú maidir leis na hidirbhearta go léir sa tréimhse ó Bhealtaine go dtí Iúil. Ba cheart go mbeifear in ann rith comhthreomhar, tástáil glactha agus tabhairt isteach iomlán a chur i gcrích i R4. |
| | Rinneadh athbhreithniú ar uathoibriú táillí Bannaí Ard-Chúirte | **Rinneadh athbhreithniú ar uathoibriú táillí Bannaí Ard-Chúirte** | Rinneadh athbhreithniú go leanúnach ar íocaíochtaí sreafa oibre ar fud na tréimhse. Mar thoradh air sin, rinneadh an sreabhadh oibre sin a mhínscagadh agus a leasú de réir mar ba ghá. Tá na sreafaí oibre go hiomlán i bhfeidhm anois. De réir an athbhreithnithe ráithiúla is déanaí, taispeántar, i gcás inar cuireadh sreafaí oibre chun feidhme, go ndéantar 90% de na táillí atá dlite a íoc laistigh de 60 lá ó thráth na héisteachta bunaidh. I gcomparáid leis an bhfigiúr sin, bhí 88% de na táillí sin á n-íoc, faoin seanchóras, laistigh de 3 mhí ó thráth na héisteachta bunaidh. |

| Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 | Gníomh | Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha | An Staid Reatha |
|---|---|---|---|
| **1.10 – Teicneolaíocht nua a thabhairt isteach agus soláthar seirbhísí ar-líne**<br><br>**Déanfar próisis ghnó agus soláthar seirbhísí a fheabhsú trí dheireadh a chur le hiontráil sonraí trí athúsáid a bhaint as faisnéis atá ann cheana féin. Measfar gur gnáthrud é teicneolaíocht nua a thabhairt isteach.**<br><br>**4.15 – Bainfear éifeachtúlacht níos mó amach trí úsáid a bhaint as íocaíochtaí EFT. Cuirfear deireadh le cleachtais agus le socruithe atá as dáta agus le cleachtais mhíchuí agus le socruithe míchuí** | Íocaíochtaí leictreonacha a thabhairt isteach | Deireadh Nollaig 2010 | Cuireadh an córas i bhfeidhm go hiomlán de réir an sceidil. Sa tréimhse tuairiscithe is déanaí, bhí os cionn 60% dár gcuid soláthraithe ag fáil íocaíochtaí ríomhphoist. Tháinig méadú go 71% ar an gcéatadán sin sa tréimhse tuairiscithe seo. |